Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9898/25**

**UEM 240**
***ECB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Deutsche Bundesbank |

1. De bhun Airteagal 27.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha arna moladh ag Comhairle Rialaithe BCE agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, iniúchadh ar chuntais BCE agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. An 2 Meitheamh 2025 mhol Comhairle Rialaithe BCE gur cheart go gceapfaí Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha Deutsche Bundesbank don bhliain airgeadais 2027.

3. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ábhartha, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 9899/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.